

Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta



An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta



100, Lower Bachelors Road, Dublin 15

Tel: 01 708 1234 Fax: 01 708 1235

www.lrc.ie

Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta



Misean

“Chun díospóidí agus casaoide a chuireann daoine aonair nó grúpaí beaga oibríthe ar aghaidh faoin reachtaíocht ábhartha um chearta thionsclaíoch/fostaíochta a scrúdú agus chun moltaí a dhéanamh ina leith”

Réamhrá

Bhunaigh an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta agus feidhmíonn sé mar chuid den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

- Déanann Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta imscrúdú ar dhíospóidí, ar ghearáin agus ar éilimh a dhéanann daoine aonair nó grúpaí beaga oibríthe faoi reachtaíocht áirithe.
- Tá Coimisinéirí um Chearta neamhspléach i gcomhlíonadh a gcuid dualgas agus cuireann siad réimse leathan feidhmeanna imscrúdúcháin ar fáil faoi rogha leathan reachtaíocht fostaíochta.

1. Cé hiad na Coimisinéirí um Chearta agus cad é an ról atá acu?

- Ceapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Coimisinéirí um Chearta ar mholadh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.
- Feidhmíonn siad mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus tá siad neamhspléach ina bhfeidhmeanna.
- Déanann Coimisinéirí um Chearta imscrúdú ar dhíospóidí, ar ghearáin agus ar éilimh a chuireann daoine aonair nó grúpaí aonair ar aghaidh faoin reachtaíocht seo a leanas:
 - An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995
 - An tAcht um Shaoire do Chúramóirí, 2001
 - An tAcht um Iomaíochas, 2002
 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000
 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú), 2003
 - An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair, 2005
 - Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1969-2001
 - An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004
 - An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994, arna leasú ag an Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú), 2004
 - An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
 - An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
 - An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998
 - An tAcht um Íocaíocht Pá, 1991
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) 2003
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) 2001

- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994
- Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2001.

Is féidir téacs iomlán na nAchtanna seo a íoslódáil tríd an Idirlíon ó:

www.irishstatutebook.ie nó www.oireachtas.ie

Tá bileoga faisnéise ar na hAchtanna seo ar fáil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

- Eisióinn Coimisinéirí um Chearta toradh a n-éisteachtaí i bhfoirm chinntí nó i bhfoirm mholtaí, ag brath ar an reachtaíocht faoina dtagraítear don chás.
- Tá na moltaí agus na cinntí go léir ceangailteach ar na páirtithe agus cuirfear i bhfeidhm go dlíthiúil iad mura dhéantar iad faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1969-2001.

2. Cé is féidir leo an Seirbhís a úsáid?

Eisiatar catagóirí áirithe oibrithe atá fostaithe ag an Stát nó faoi ó chásanna a chur ar aghaidh chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta faoi reachtaíocht shonrach. Ba chóir do mhúinteoirí, státseirbhísigh, na Gardaí, baill de na Fórsaí Cosanta agus den Seirbhís Phríosúin comhairle a fháil roimh éileamh a chur isteach.

Ní gá d'fhostaithe a bheith ina mball ceardchumainn agus ní gá go mbeadh baint ag fostóirí le comhlacht ionadaíoch chun an tseirbhís a úsáid.

3. An bhfuil sé de cheart agam cur i gcoinne éisteachta?

Tá dhá Acht faoinar féidir le páirtí i ndíospóid cur i gcoinne imscrúdaithe Choimisinéir um Chearta – is iad sin, na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-2001 agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2001. Nuair a dhéantar agóid dá leithéid, laistigh de tréimhse ama sonraithe, ní féidir leis an gCoimisinéir um Chearta an cás a imscrúdú. Is féidir leis an éilitheoir a iarraidh go n-éisteoidh an Chúirt Oibreachais leis an gcás, i gcás na nAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-2001, nó go n-éisteoidh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta leis an gcás, i gcás na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2001.

Ní bhaineann ceart comhchosúil agóide le tarchuir faoi gach Acht eile.

4. Cén cinéalacha cásanna a chuirtear ar aghaidh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail?

Baineann cásanna tipiciúla a chuirtear ar aghaidh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail le:

- Díospóidí faoi dhífhostú líomhnaithe **sa chás go bhfuil níos lú ná dhá mhí dhéag seirbhíse ag fostaí**
- Achomhairc de cheadú disciplíneach
- Achomhairc imscrúdaithe ar bhulaíocht

Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta



- Nósanna imeachta agallaimh/ceapacháin
- Casaoide oibrithe.

Féadfaidh fostaithe díospóidí nach dtagann faoi réim phríomhchorp na gceart fostaíochta nó na reachtaíochta comhionannais agus díospóidí nach gclúdaíonn corp oibrithe a chur ar aghaidh, áfach, chun imscrúdú a dhéanamh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-2001. Ní féidir moltaí na gCoimisinéirí um Chearta a chur i bhfeidhm go dlíthiúil faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-2001.

5. Conas a chuirfinn díospóid nó éileamh ar aghaidh chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta?

- Ba chóir d'éilitheoirí comhairle a fháil maidir lena dteidlíochtaí agus lena roghanna roimh éileamh a chur isteach
- Ba chóir d'éilitheoirí an t-éileamh a chur in iúl dá bhfostóir, nuair is féidir, roimh an chás a chur ar aghaidh chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
- Is féidir leat foirm ghearáin a líonadh nó litir a scríobh a leagann amach sonraí do cháis agus an tAcht nó na hAchtanna a bhfuil tagairt á déanamh agat dóibh agus é a sheoladh chuig Rúnaíocht Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Mura aithnítear an tAcht nó na hAchtanna, cuirfead an t-éileamh ar ais toisc nach féidir próiseáil a dhéanamh orthu
- Cuirtear foirmeacha le chéile chun cabhair a thabhairt d'éilitheoirí agus iad ag ur éileamh isteach faoi gach Acht. Féadtar cóipeanna de na foirmeacha iomchuí a fháil ar iarratas ón Aonad Faisnéise um Chearta Fostaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón idirlíon ag www.lrc.ie nó ó na hIonaid Faisnéise do Shaoránaigh
- I gcás go ndéantar éileamh faoin Acht um Pá Ósta Náisiúnta 2000 ní féidir le Coimisinéir um Chearta glacadh leis an éileamh mura bhfuil ráiteas a mheánráta nó a meánráta pá san uair i leith tréimhse tagartha pá lorgtha ag an éilitheoir. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir le Coimisinéir um Chearta glacadh le héileamh faoin Acht seo má cuireadh an t-éileamh céanna ar aghaidh chuig an gCigire sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- **Déan cinnte le do thoil, go n-úsáidfead ainm agus seoladh dlíthiúil ceart d'fhostóra.** Mura bhfuil tú cinnte faoi ainm nó seoladh dlíthiúil na cuideachta téigh i gcomhairle leis an Oifig Clárúcháin Chuideachtaí. Is é 1890 220226 an Uimhir Lóghlao atá acu nó de rogha air sin, is é www.cro.ie an láithreán Gréasáin atá acu
- Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir le hin-fhorfhaidhmeacht dhlíthiúil moltaí na gCoimisinéirí um Chearta faoi Achtanna éagsúla ag www.lrc.ie freisin

6. An mbaineann aon teorainn ama le héilimh a chur isteach?

- Caithfead éilimh a chur isteach laistigh de theorainn ama sé mhí faoin gcuid is mó den reachtaíocht. Ceadáíonn roinnt reachtaíochta síneadh ar na teorainneacha ama seo agus ba chóir duit féachaint ar an reachtaíocht nó comhairle a lorg maidir leis an saincheist
- Ní bhaineann aon teorainn ama le héilimh a chuirtear isteach faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-2001.

7. An réachtáiltear éisteachtaí na gCoimisinéirí um Chearta go poiblí nó go príobháideach?

Reachtáiltear éisteachtaí roimh Choimisinéir um Chearta go príobháideach – ach amháin nuair a cuireadh díospóid ar aghaidh faoin Acht um Íocaíocht Pá, 1991. Féadfar éisteachtaí faoin Acht sin a réachtáil go poiblí, le cead na bpáirtithe a fhreastalaíonn air agus an Choimisinéara um Chearta.

8. Cad a tharlaíonn ag éisteacht Choimisinéara um Chearta?

Bíonn na héisteachtaí foirmiúil ach ní éisteachtaí comhraic a bhíonn iontu agus seachnaíonn siad coinbhleachtaí. Tugtar an deis do gach taobh a gcás a chur i láthair. Níl aighneachtaí scríofa éigeantach ach cuidíonn siad leis na rannpháirtithe agus leis an gCoimisinéir um Chearta chun díriú ar na pointí ábhartha. Cuidíonn sé freisin leis an gCoimisinéir um Chearta chun taifead a choimeád ar na ráitis déanta ag an éisteacht nuair atá a mholadh nó a moladh nó a chinneadh nó a cinneadh á athbhreithniú aige nó aici i ndiaidh na héisteachta. I gcásanna áirithe, is féidir díospóidí idir na páirtithe a réiteach ar lá na héisteachta, le cabhair an Choimisinéara um Chearta. Ní cheadaíonn Coimisinéirí um Chearta úsáid ghutháin phóca, téipthaifeadáin, ceamaraí nó treallamh taifeadta ag na éisteachtaí. Bítear ag súil go bpléifidh páirtithe le gach rud ar bhealach cúirtéiseach agus go ndéileálfar leo ar an mbealach céanna. Cinnteoidh an Coimisinéir um Chearta ar an modh a réachtálfar an éisteacht.

9. An réitítear cásanna riamh i rith an phróisis chun éisteacht an Choimisinéara um Chearta a eagrú nó i rith freastail ar an éisteacht?

- I ndiaidh do Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta fógra a thabhairt don fhostóir faoin éileamh, spreagfar na páirtithe chun a ndíospóid a réiteach. Má réitítear an saincheist beifear ag súil go dtabharfaidh an t-éilitheoir fógra don tSeirbhís a rá gur tarraingíodh an t-éileamh siar.
- Sna cásanna a théann ar aghaidh chuig éisteacht is féidir teacht ar réiteach le cabhair an Choimisinéara um Chearta. Sa chás sin síneoidh na páirtithe téarmaí an chomhaontaithe.

10. Cad ba chóir dom a thabhairt liom chuig an éisteacht?

Is í feidhm an Choimisinéara um Chearta ná cinntí nó moltaí a éisiúint atá bunaithe ar fhiricí agus ar aighneachtaí a chuirfear i láthair ag an éisteacht. Ba chóir don dá pháirtí a chinntiú go dtugann siad faisnéis iomchuí leo chuig an éisteacht, ar nós:

- P45
- P60
- Duillíní Pá
- Conarthaí Fostaíochta
- Comhfhreagrais Ábhartha.

Féadfaidh ceachtar cinneadh a dhéanamh chun finnéithe a thabhairt chuig an éisteacht má bhíonn fianaise acu a bhaineann le saincheist na díospóide, ag brath ar an gcineál éilimh.

Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta



11. Ar chóir go mbeadh ionadaí ag feidhmiú thar mo cheann ag an éisteacht?

Is ábhar do na páirtithe go hiomlán é an roghnaíonn siad ionadaíocht fhoirmiúil nó an roghnaíonn siad go mbeadh cara, comhghleacaí nó ball teaghlaigh ina dteannta.

12. Cad a tharlaíonn nuair nach bhfreastalaíonn páirtithe ar éisteacht Choimisinéara um Chearta?

- Má theipeann ar thaobh an fhostóra freastal ar an éisteacht leanfaidh sé ar aghaidh bunaithe ar fhianaise neamhiomaidh an éilitheora. Eiseoidh an Coimisinéir um Chearta moladh/cinneadh bunaithe ar fhianaise an éilitheora.
- Má theipeann ar thaobh an éilitheora titeann an cás de cheal ionchúisimh agus eiseoidh an Coimisinéir um Chearta moladh/cinneadh ina thaobh sin.

13. Cá reáchtáiltear éisteachtaí Choimisinéara um Chearta?

Cuirfidh Coimisinéirí um Chearta éisteachtaí ar siúl ag ionaid i ngach contae ar fud na tíre. Beidh an éisteacht á reáchtáil, de ghnáth, sa chontae ina raibh fostaíocht an éilitheora.

14. Conas a lóisteálfaidh mé éileamh le Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta?

- Má tá a fhios agat cén Acht nó cén Achtanna ar mhian leat d'éileamh a chur aghaidh faoi nó fúthu, íoslódáil cóip den fhoirm iomchuí ó láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais:
- Is féidir foirmeacha gearáin a fháil freisin ó Aonad Faisnéise um Chearta Fostaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, nó ó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh áitiúil.
- Mura bhfuil a fhios agat cén Acht nó cén Achtanna ar mhian leat d'éileamh a chur ar aghaidh faoi nó fúthu, nó má theastaíonn faisnéis uait ar ghné ar bith den reachtaíocht fostaíochta nó faisnéis maidir le conas na foirmeacha iomchuí a líonadh, téigh i dteagmháil le hAonad Faisnéise um Chearta Fostaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá bunaithe i dTeach Davitt, Bóthar Adelaide. Is í (01) 6313131 an uimhir ghutháin atá acu nó is é erinfo@entemp.ie an seoladh ríomhphoist atá acu. B'fhéidir gur mhian leat a láithreán Gréasáin www.employmentrights.ie a cheadú freisin.
- Is í feidhm Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta éisteachtaí maidir le héilimh/gearáin faoi reachtaíocht fostaíochta a sheoladh. Ní THUGANN sé comhairle ar chearta agus teidlíochtaí faoi reachtaíocht fostaíochta toisc go bhféadfadh go dtiocfadh coinbhleachtaí leasanna chun cinn dá bharr.
- Tá sé riachtanach go mbeidh faisnéis hcríochnúil bheacht tugtha do Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta ionas gur féidir leo d'éileamh a phróiseáil. Ní ghlacann sé le héilimh anaitheanta i gcoinne fostóirí. Caithear ainm agus seoladh ceart dlíthiúil an fhostóra a sholáthar, ní an t-ainm pearsanta nó an t-ainm trádála amháin. Mura bhfuil tú cinnte faoin ainm ceart dlíthiúil téigh i gcomhairle leis an Oifig Clárúcháin Chuideachtaí, leis na Coimisinéirí loncainm nó leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh.

- Má athraíonn aon chuid de do shonraí, ní mór duit aon athrú a chur in iúl do Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta láithreach.
- Ba chóir go síneoidh an t-éilitheoir nó a n-ionadaí ainmnithe na héilimh.
- Ba chóir go gcuirfí an fostóir ar an eolas go bhfuil tú chun éileamh a chur isteach chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta, nuair is cuí.

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe éilimh a sheoladh chuig:

An Rúnaíocht
Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4
Facs: (01) 613 6701

Má theipeann ort é seo a dhéanamh b'fhéidir go gcruthófaí fadhbanna ag an gcéim éisteachta.

15. Cad a tharlaíonn nuair a chuirim m'éileamh isteach?

Ar d'éileamh a chur isteach:

- Eiseofar litir admhála
- Seolfar cóip de d'éileamh/comhfhreagras chuig d'fhostóir
- Má dhéanann tú éileamh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail nó faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach tabharfar fógra do d'fhostóir agus tá trí seachtaine aige nó aici chun cur i gcoinne an Choimisinéara um Chearta a bheidh ag éisteacht leis an gcás. Má fhaightear agóid cuirtear é seo in iúl don éilitheoir. Seachas sin beidh socrófar éisteacht
- Cuirfear dáta na héisteachta in iúl do na páirtithe toisc nach bhfuil aon cheart agóide ann faoi na hAchtanna eile. De ghnáth faigheann na páirtithe fógra trí-sé seachtaine ar dháta éisteachta.

16. Cad a tharlaíonn má iarraim athrú ar an dáta a socraíodh d'éisteacht Choimisinéara um Chearta?

Mar gheall ar an líon mór cásanna a bhfuil sceideal de dhíth orthu, tá sé riachtanach go ndéanfaidh an dá pháirtí socrúithe cearta, ní hamháin le haghaidh a bhfreasatail ach le haghaidh freastal a n-ionadaithe chomh maith, má roghnaíonn siad go mbeidh ionadaíocht acu ag an éisteacht.

Tugtar fógra trí seachtaine ar a laghad don dá pháirtí ar dháta éisteachta. Breithneofar iarratais ar athrú an dáta socrúithe in imthosca eisceachtúla amháin agus ní mór go dtacóidh fianaise ábhartha leis, m.sh. teastais mhíocháine, sonraí ticéid eitleilte srl.

17. Cé chomh fada is a thógann sé chun cinneadh/moladh a eisiúint?

I ndiaidh na héisteachta, déanann an Coimisinéir um Chearta measúnú ar an bhfaisnéis a sholáthraítear agus déanann sé nó sí cinneadh/moladh dá réir.

Eisítear an cinneadh/moladh ansin do na páirtithe don éisteacht.

18. Mura ghlacaim le cinneadh/moladh an Choimisinéara um Chearta, an féidir liom é a achomharc, agus más féidir, conas a dhéanaim é?

Caithfear achomhairc a lóisteáil laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa reachtaíocht. Rialaíonn na hAchtanna ábhartha an ndéantar an achomharc chuig an gCúirt Oibreachais nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta. I ndiaidh éisteachta leis an achomharc eiseoidh an Chúirt nó an Bhinse cinneadh nó socrú.

19. Cá bhfaighidh mé faisnéis faoi chearta fostaíochta agus dlí fostaíochta?

Tá leabhráin faisnéise a mhíníonn caidrimh thionscail agus dlíthe cearta fostaíochta AR FÁIL saor in aisce ó Aonad Faisnéise um Chearta Fostaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Seo é an faisnéis teagmhála atá acu:

Aonad Faisnéise um Chearta Fostaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Teach Davitt
65a Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2
Uimhir Lóghlao: 1890 201 615
Seoladh ríomhphoist: erinfo@entemp.ie

Is féidir leabhráin faisnéise a íoschóipeáil freisin ó www.entemp.ie

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ó www.employmentrights.ie

Ina theannta sin, is féidir faisnéis agus comhairle ar chearta fostaíochta a lorg ó roinnt mhaith foinsí. Áirítear orthu sin, comhlachtaí ionadaíochta, ceardchumann, ionadaí dlíthiúil, Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh, an tIonad um Chearta Imirceacha nó grúpaí deonacha eile a chuireann na seirbhísí seo ar fáil.

NÍ SHOLÁTHRAÍONN RÚNAÍOCHT SHEIRBHÍS NA GCOIMISINÉIRÍ UM CHEARTA FAISNÉIS AR CHEARTA FOSTAÍOCHTA.

Ní féidir le Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta comhairle a thabhairt do pháirtithe ar chúrsaí áirithe gnímh – ar nós cén Acht nó Achtanna ar chóir éileamh a dhéanamh faoi nó fúthu.

Chun a thuilleadh faisnéise a fháil ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, féach ar ár láithreán Gréasáin www.lrc.ie a bhfuil Tuarascálacha Bliantúla, Cóid an Dea-Chleachtais, preasráitis, páipéir thaighde, páipéir chomhdhála agus cáipéisí straitéise agus beartais.